Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**12695/1/20**
**REV 1**

**AGRI 405**
**ENV 690**
**FORETS 40**
**PROCIV 71**
**JUR 509**
**DEVGEN 162**
**RELEX 867**
**UD 332**
**PROBA 40**
**FAO 30**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Samhain 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12370/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise AE tar éis 2020<br>- Conclúidí ón gComhairle (10 Samhain 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn conclúidí ón gComhairle maidir le peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise AE tar éis 2020, a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh tríd an nós imeachta i scríbhinn an 10 Samhain 2020.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Peirspictíochtaí i dtaobh bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus le straitéis foraoise AE tar éis 2020**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

1. **Á MHEABHRÚ DI** na pléití is déanaí a rinne an Chomhairle maidir le straitéis foraoise AE tar éis 2020, na Conclúidí ón gComhairle an 15 Aibreán 2019[1] agus malartú tuairimí na n-airí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 14 Deireadh Fómhair 2019 inar leagadh béim ar an ngá atá le straitéis foraoise AE neartaithe tar éis 2020[2];

2. Agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh (AE) agus a Bhallstát **Á CHUR I dTREIS AICI**, i dtaca le Clár Oibre 2030 agus a Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), Comhaontú Pháras, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an gaineamhlú a chomhrac, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí agus na spriocanna domhanda foraoise mar chreat domhanda do bheartais a bhaineann le foraoisí;

3. **Á CHUR I dTREIS ARÍS AICI** a ábhartha atá an Comhbheartas Talmhaíochta tar éis 2020, an Comhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, an Teachtaireacht dar teideal *Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú], agus an creat bithéagsúlachta domhanda a bhfuiltear ag súil leis atá le glacadh ag an 15ú Comhdháil de na Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch mar chomhthéacs athraitheach do bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí;

4. **Á AITHINT DI** prionsabail, rúin agus cinntí phróiseas aireachta FOREST EUROPE, mar aon lena obair leanúnach maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a shainiú agus a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh air;

[1] 8609/19
[2] 12921/19

5. **Á MHEABHRÚ DI** na torthaí ó Thuarascáil Speisialta IPCC ar an Athrú Aeráide agus Úsáid Talún agus an Measúnú Domhanda ar Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais ón gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais;

**PRÁINN agus PRÍOMHPHRIONSABAIL**

6. **IARRANN SÍ AN ATHUAIR** ar an gCoimisiún comhsheasmhacht agus comhtháthú bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí tar éis 2020 a áirithiú agus, mar ábhar práinne, athdhearbhaíonn sí an gá atá le Straitéis Foraoise AE nua tar éis 2020 a bheidh cothrom agus neartaithe, straitéis a fhorbrófar i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, lena dtacófar leis an mbeartas foraoise ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta agus lena gcomhlánófar an beartas sin, agus **CUIREANN SÍ** an méid seo a leanas **I bhFIOS GO LÁIDIR**:

a) a thábhachtaí atá foraoisí, éiceachórais foraoise agus na hearnálacha foraoisbhunaithe, agus iad sláintiúil agus athléimneach, chun cuidiú leis na SDGanna a bhaint amach go tráthúil, agus chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme;

b) an tacaíocht leanúnach do chur chuige iomlánaíoch, lena dtugtar aghaidh ar bhealach cothrom ar thrí ghné na hinbhuaine, agus éagsúlacht agus saintréithe éagsúla fhoraoisí na hEorpa ina ngnéithe éiceolaíochta, eacnamaíocha agus sóisialta á gcur san áireamh, chomh maith le castacht na bpatrún úinéireachta;

c) an gá atá le fís, cuspóirí agus treoshuíomhanna straitéiseacha soiléire, mar aon le plean gníomhaíochta nithiúil, le forbairt i gcomhar leis na Ballstáit, maidir le foraoisí an Aontais tar éis 2020 agus creat láidir athbhreithniúcháin chun cur chun feidhme agus dul chun cinn Straitéis Foraoise AE a rianú, ag tógáil ar shonraí agus ar fhaisnéis náisiúnta, agus ualaí riaracháin breise nach bhfuil gá leo á seachaint;

d) an gá le haghaidh a thabhairt go straitéiseach ar ilroinnt mhéadaitheach bheartais an Aontais a bhaineann le foraoisí agus feabhas a chur ar a gcomhordú agus a gcomhleanúnachas, go háirithe maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, Straitéis an Aontais 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', Straitéis Oiriúnaithe an Aontais atá ar na bacáin, Creat Aeráide agus Fuinnimh an Aontais agus Dlí Aeráide an Aontais atá ar na bacáin, Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais, na Pleananna Straitéiseacha CBT, Tacsanomaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí inbhuanaithe agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha, amhail na trí Choinbhinsiún Rio agus Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí, chomh maith le seasaimh an Aontais a bhaineann le foraoisí i bpróisis idirnáisiúnta;

e) a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus ról ilfheidhmeach na bhforaoisí, mar a shainigh agus a chomhaontaigh an tAontas agus a Bhallstáit go sonrach faoi chuimsiú rúin H1 agus L1 FOREST EUROPE, mar phrionsabail threoracha fhoriomlána leanúnacha;

f) an réimse leathan saineolais agus ionstraimí atá ar fáil in earnáil phríobháideach agus phoiblí na foraoiseachta agus eagraíochtaí taighde Bhallstáit an Aontais chun bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus ról ilfheidhmeach na bhforaoisí a chur chun cinn;

g) nach bhfuil aon tagairt sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh do chomhbheartas foraoise de chuid an Aontais, cé go bhfuil réimse beartas ag an Aontas a bhaineann le foraoisí, go luíonn an fhreagracht i gcomhair foraoisí leis na Ballstáit agus go gcaithfidh na cinntí agus na beartais go léir san Aontas a bhaineann le foraoisí prionsabal na coimhdeachta agus inniúlacht na mBallstát sa réimse sin a urramú;

h) an ról nach beag atá ag an mBuanchoiste Foraoiseachta agus ag an nGrúpa Idirphlé Shibhialta maidir le Foraoiseacht agus Corc, mar phríomhfhóraim le faisnéis a mhalartú agus tuairimí, comhairle agus saineolas a chur ar fáil don Choimisiún maidir leis na beartais agus na tionscnaimh éagsúla atá ábhartha d'fhoraoisí agus d'earnáil na foraoiseachta, agus an gá atá ann idirghníomhaíocht idir an dá ghrúpa sin agus grúpaí comhairleacha eile a chur chun cinn a thuilleadh ar bhealach gníomhach;

**TOGRAÍ LE hAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ STÓINSITHE UAILLMHIANACHA**

7. D'fhonn Straitéis Foraoise AE tar éis 2020 agus beartais an Aontais a bhaineann le foraoisí a neartú ó thaobh an tionchair atá acu ar bheartais na mBallstát féin, ó thaobh a mhéad a gcomhlánaíonn siad iad agus a mhéad a dtacaíonn siad leo, go háirithe i dtaca le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chothú, a chur chun cinn agus a fheabhsú a thuilleadh, lena n-áirítear caomhnú, athshlánú, foraoisiú agus athfhoraoisiú, **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún na gnéithe nithiúla seo a leanas a chur san áireamh:

a) **GLACADH LEIS** go bhfónfadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe mar chreat treorach foriomlán do Straitéis Foraoise AE tar éis 2020, i gcomhréir le Plean Straitéiseach na Náisiún Aontaithe i ndáil le Foraoisí, chun gur fearr a dhéanfaí ról ilfheidhmeach na bhforaoisí agus bhainistiú inbhuanaithe na bhforaoisí **A CHUR CHUN CINN** agus **A CHUR IN IÚL**, is é sin a ról ilfheidhmeach mar réiteach dúlrabhunaithe a chuideodh ar an iomaí bealach le straitéisí éagsúla eile an Aontais agus le beartais agus gníomhaíochtaí éagsúla eile an Aontais i dtaca leis an inbhuaine, agus ar an gcaoi sin go dtacófaí freisin leis an idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus le geallsealbhóirí earnáil na foraoiseachta, agus aird chuí á tabhairt ar na díospóireachtaí éagsúla atá ar bun i measc an phobail maidir le foraoisí agus foraoiseacht agus go gcuideofaí leis an Aontas a bheith ina cheann feadhna agus Clár Oibre 2030 á chur chun feidhme;

b) An Comhaontú Glas don Eoraip **A CHUR SAN ÁIREAMH** mar chreat nua beartais ar leibhéal an Aontais agus Straitéis Foraoise AE nua á forbairt, agus déanamh amhlaidh i gcás na gcuspóirí i dtaobh foraoisí mar a leagtar amach i straitéisí ábhartha an Aontais amhail Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, agus an gá atá ann go gcuirfeadh an Coimisiún measúnú críochnúil tionchair ar fáil i gcás ionstraimí ar bith a bhaineann le foraoisí a bheadh á gcur chun cinn aige, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, a chur san áireamh freisin;

c) **A ÁIRITHIÚ** go mbeidh na hábhair uile ar leibhéal an Aontais a bhaineann le foraoisí de réir a chéile agus **AGHAIDH Á TABHAIRT**, go háirithe, ar na hábhair phráinneacha seo a leanas:

i. buanseasmhacht na bhforaoisí Eorpacha agus na bhforaoisí a bhunófar amach anseo san Eoraip **A FHEABHSÚ** agus a gcumas oiriúnú don athrú aeráide a fheabhsú freisin, trí bhainistiú inbhuanaithe foraoisí agus trína chur chuige ilfheidhmeach agus trí dhul i mbun forbartha ar bhonn taighde agus eolas fónta, fianaise fhónta agus faireachán fónta, lena n-áirítear maidir le héagsúlacht ghéiniteach, rud a laghdódh na rioscaí agus na héifeachtaí mórscála a bhaineann le suaitheadh bitheach agus aibitheach ar measa é mar gheall ar an athrú aeráide agus tréigean talún, rud a chothódh agus a mhéadódh, go sonrach, a n-acmhainneacht maidir le maolú ar an athrú aeráide agus rud a léireodh an tionchar atá ag an damáiste atáthar a dhéanamh d'fhoraoisí i láthair na huaire ar chuspóirí aeráide an Aontais;

ii. a mhéad a chuidíonn foraoisí agus earnáil na foraoiseachta leis an ngeilleagar ciorclach uile-Aontais agus leis an mbithgheilleagar uile-Aontais **A CHUR CHUN CINN** agus **A FHEABHSÚ**, agus a mbeadh mar thoradh air gur fairsinge an bonneagar eacnamaíoch glas, gurb iomadúla táirgí agus teicneolaíochtaí nuálacha, slite beatha foraoisbhunaithe, poist ghlasa chuibhiúla agus limistéir inmharthana thuaithe agus gur fearr a bheifí in ann maolú ar an athrú aeráide mar a mbeadh leas á bhaint as adhmad ó fhoinsí inbhuanaithe in-athnuaite;

iii. bithéagsúlacht foraoise agus seirbhísí éiceachórais **A CHOTHÚ** agus **A FHEABHSÚ**, ag cur ar bhealach comhleanúnach le cuspóirí Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, a mhéid a bhaineann le foraoisí, agus ag cur freisin, i measc nithe eile, leis an líonra 'INTEGRATE' mar eiseamláir de thionscnamh atá faoi stiúir na mBallstát iad féin, agus tacaíocht acu ón mBuanchoiste Foraoiseachta, chun obair, taighde agus comhroinnt eolais ar bhonn comhoibríoch trasteorann a fheabhsú i dtaca le caomhnú dúlra a chomhtháthú ar bhealach feabhsaithe i mbainistiú inbhuanaithe foraoisí agus ionstraimí nuálacha a fhorbairt amhail scéimeanna eolaíochtbhunaithe maidir le híocaíochtaí le haghaidh seirbhísí éiceachórais, lena n-áirítear ar bhealach atá i sineirge leis na cuspóirí i dtaobh an athraithe aeráide, agus bealaí lena ndéanfar foraoiseacht a bhfuil dlúthcheangal aici leis an dúlra a chur chun cinn.

d) **A CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR** a ábhartha is atá bearta foraoiseachta forbartha tuaithe an Chomhbheartais Talmhaíochta maidir le tacú le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chun chun feidhme, lena n-áirítear bithéagsúlacht foraoise agus seirbhísí éiceachórais a chothú agus a fheabhsú, agus maidir le hionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais a bheadh ann amach anseo a chur chun feidhme freisin, a ábhartha is atá sé an t-ualach riaracháin a laghdú i gcás na mbeart foraoiseachta agus na státchabhrach i gcoitinne, ardán malartaithe agus comhroinnte eolais rialta **A BHUNÚ**, e.g. faoin mBuanchoiste Foraoiseachta, idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí i dtaobh dea-chleachtais agus réitigh nuálacha a thacódh le cur chun feidhme na mbeart foraoiseachta agus a éascódh glacadh an chistithe atá ar fáil;

e) **FREAGAIRT AR** an dúshlán atá ann inbhuaine earnáil na foraoiseachta a léiriú, a chur in iúl **agus a fhorbairt a thuilleadh**, ar dúshlán é atá ag dul i méid i gcónaí, agus **BÉIM A LEAGAN** ar a ábhartha atá sásraí costéifeachtacha chun acmhainneacht agus buntáistí an bhainistithe inbhuanaithe foraoisí a léiriú tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as an sainmhíniú ar FOREST EUROPE, as na critéir agus na táscairí uile-Eorpacha, as na treoirlínte oibríochtúla uile-Eorpacha maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí agus as sonraí náisiúnta i dtaobh foraoisí, agus más féidir, cur leis na Cláir Náisiúnta um Fhoraoisí nó le straitéisí ábhartha eile, roghanna maidir le sásra deonach, comhchosúil leis na Ranníocaíochtaí Náisiúnta Deonacha faoi UNFF, **A FHORBAIRT** i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, a bheidh le húsáid faoi Straitéis Foraoise AE nua chun comhroinnt faisnéise a fheabhsú i dtaobh beartais reatha agus i dtaobh gníomhaíochtaí Bhallstát an Aontais maidir le gnéithe sonracha den bhainistiú inbhuanaithe foraoisí, agus ar an gcaoi sin cur leis an trédhearcacht, leis an bhfeasacht agus leis an mbonn faisnéise ar leibhéal an Aontais.

f) I bhfianaise ghealltanais idirnáisiúnta agus ranníocaíochtaí an Aontais agus a Bhallstát maidir le limistéir foraoiseachta ar fud an domhain a mhéadú agus maidir le deireadh a chur leis an dífhoraoisiú, maidir leis an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chosc agus maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn, lena n-áirítear caomhnú, athshlánú, foraoisiú agus athfhoraoisiú, agus slabhraí soláthair inbhuanaithe tráchtearraí talmhaíochta nach mbíonn dífhoraoisiú mar thoradh orthu, agus i bhfianaise na mbeart atá socraithe agus a d'eascair as an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú agus as na Conclúidí gaolmhara ón gComhairle[3], **FÉACHAINT LE** sineirgí **A CHRUTHÚ** agus an comhleanúnachas is dlúithe is féidir a bhaint amach idir na gníomhaíochtaí sin agus Straitéis Foraoise AE tar éis 2020, chun dea-shampla a thabhairt agus comhar maith a chur ar fáil.

---

[3] 15151/19